**<u>Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann</u> <u>don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017</u>**

(De bhun Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 agus mar a cuireadh isteach ag Alt 28 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003).

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (an Binse) de bhun Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 ("Acht 2003").

**Comhaltas an Bhinse**

2. Tá seachtar comhalta ar an mBinse a d'ainmnigh an Rialtas agus rinne Uachtarán na hÉireann iad a cheapadh. Is iad beirt fheidhmeannaigh an Bhinse ná an tUasal John D. Cooke, Abhcóide Sinsir, Cathaoirleach, iarBhreitheamh ó Chúirt Chéadchéime an Aontais Eorpaigh agus Ard-Chúirt na hÉireann, agus Inge Clissmann, Abhcóide Sinsir, an Leas-Chathaoirleach. Is iad seo a leanas gnáthchomhaltaí an Bhinse: Paul Brennan, Aturnae; Geraldine Clarke, Aturnae; Helen Collins, Aturnae; Teresa Pilkington, Abhcóide Sinsir agus Conor Power, Abhcóide Sinsir.

3. Is í Treasa Kelly, Abhcóide, Cláraitheoir an BASAÉ.

4. Tá oifigí an Bhinse lonnaithe ag ag 4/5 Cearnóg Árann, Lána Lincoln, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 CTX4; Suíomh gréasáin: www.ifsat.ie agus Seoladh Ríomhphoist: Registrar@IFSAT.ie.

**Gnásanna Achomharc:**

5. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun éisteacht agus dearbhú a dhéanamh ar achomhairc ó chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, ar 'chinntí inachomhairc' iad faoi bhrí Alt 57A (1) d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 (curtha isteach ag Alt 11 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísi Airgeadais na hÉireann 2004).

6. Cuirtear tús le achomharc chuig an mBinse trí Fógra Achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse. Bíonn ceithre lá dhéag ansin ag an mBanc Ceannais a Fhreagra ar an

achomharc a thabhairt. (Tá foirmeacha maidir le Fógra Achomhairc agus Freagra ar Achomharc ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse). I ndiaidh do na páirtithe na páipéir a mhalartú agus réamhcheisteanna a phlé, tabharfaidh an triúr comhalta, arna ainmnithe ag an gCathaoirleach mar an painéal sannta don cás, éisteacht don achomharc agus déanfaidh siad cinneadh air.

7. Tá fáil ar orduithe agus ar chinntí scríofa an BASAÉ ar shuíomh gréasáin an BASAÉ: www.ifsat.ie.

**Achomhairc:**

8. Rinne an Binse cinntí ar dhá achomhairc i rith na bliana 2017.

9. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta an 8ú Samhain 2016, rinne St. Colmcille's (Kells) Credit Union Limited achomharc i gcoinne gníomhartha tógtha ag an mBanc Ceannais faoin reachtaíocht a dhéanann rialú ar fhorais creidmheasa.

Ina chinneadh dar dáta an 15ú Feabhra 2017, chinn an Bhinse nach raibh an t-achomharc inghlactha de bharr nach 'cinntí inachomhairc', faoi bhrí Alt 57A(1) d'Acht an Bhainc Ceannais 1942, iad na gcinntí a bhí á mhaíomh gur thóg an Bhanc Ceannais. Mar sin, bhí an t-achomharc lasmuigh de dlínse an Bhinse. Diúltaíodh an t-achomharc.

Tá fáil ar Chinneadh an Bhinse ar shuíomh gréasáin an Bhinse.

10. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta an 9ú Meán Fómhair 2016, thug an tUasal "A" fógra achomhairc ó dhá chinntí an Bhanc Cheannais a bhain leis an t-Achomharcóir, maidir le critéir feiliúnacht agus ionracas faoin Acht um Athchóiriú an Bhanc Ceannais 2010.

Ar 21ú Feabhra 2017, cuireadh in iúl don mBinse thar ceann an t-Achomharcóir go chinn sé an t-achomharc a tharraingt, de bharr éiginnteacht leis a gcúinsí airgeadais. Ar 27ú Aibreán 2017, rinne an Freagróir iarratas ar a gcuid costais. Ar 2 Meitheamh 2017, chomhdaigh an t-Achomharcóir freagra don iarratas le haghaidh costais, agus rinne sé iarratas freisin le haghaidh aisíocaíocht ar an táille achomhairc de €5,000.00, a lóisteáil sé leis an Fógra Achomhairc.

Ina chinneadh dar dáta an 11ú Iúil 2017, dhámh an Bhinse costais laghdaithe i

bhfabhar an Freagróir, agus dhiúltaigh sé an táille achomhairc a n-aisíoc.

11. rinne St. Colmcille's (Kells) Credit Union Limited achomharc i gcoinne gníomhartha tógtha ag an mBanc Ceannais faoin reachtaíocht a dhéanann rialú ar fhorais creidmheasa.

Ina gcinneadh dar dáta an 15ú Feabhra 2017, chinn an Bhinse nach raibh an t-achomharc inghlactha de bharr nach 'cinntí inachomhairc', faoi bhrí Alt 57A(1) d'Acht an Bhainc Ceannais 1942, iad na gcinntí a bhí á mhaíomh gur thóg an Bhanc Ceannais. Mar sin, bhí an t-achomharc lasmuigh de dlínse an Bhinse. Diúltaíodh an t-achomharc.

Tá fáil ar Chinneadh an Bhinse ar shuíomh gréasáin an Bhinse.

**Cuntais Bhliantúla:**

12. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 ar fáil le seo.

13. Arna foráladh ag Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais 2003, foilseoidh an Binse an Tuarascáil seo i ndiaidh di dul faoi bhráid Tithe an Oireachtais agus féadfaidh daoine ón bpobal cóip den Tuarascáil a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Bhinse.

An tUasal John D. Cooke (Abhcóide Sinsir)
Cathaoirleach
Dar dáta: 15 Márta 2018